



PE Céim ar Aghaidh

TIONSCNAMH CLUICHÍ DE CHUID CLG

Snáithe: Cluichí

Leibhéal Ranga: Ranganna 3 & 4

Ceacht: 9 Cluiche Corr

Ionad:

Clós na Scoile/Halla

Trealamh:

Pónaireáin, cóin, liathróidí leadóige, raicéid leadóige nó camáin a bhfuil bosanna leathana orthu

Ceacht
9
Cluiche Corr

Snáithaonad: Seachadadh, glacadh agus gluaiseacht

Spriocanna Curaclaim:

Forbairt ar réimse scileanna buailte.

Forbairt ar réimse scileanna lámhseála na liathróide

- Bualadh na liathróide le camán/raicéad chuig páirtí a bheireann uirthi agus a sheolann ar ais í, á caitheamh lámh in íochtar
- Bualadh na liathróide i gcoinne an bhalla le cúlbuille agus tulbhuille

Spriocanna Curaclaim:

Cruthú agus Forbairt ar chluichí ina mbeirteanna nó ina ngrúpaí beaga

- Cluiche ar bheagán iomaitheoirí, cosúil le cluiche corr

Snáithaonad: Tuiscint agus Léirithuisint ar Chluichí

Spriocanna Curaclaim:

Comhrá & feabhas ar scileanna smachta gluaiseachta a bhaineann le cluichí

Cur le tuiscint na ndaltaí maidir le úsáid spáis

Forbairt ar straitéisí chun fadhbanna a réiteach, ar chinnteoireacht agus ar thuiscint

ar na straitéisí agus ar na taicticí atá tábhachtach i gcluichí athraitheacha

Daltaí ag dul i gcleachtadh ar chuntas a choinéil ar na scóranna agus rialacha a athrú

Nascáil:

Gleacaíocht-Snáithaonad: Gluaiseacht (Cothromaíocht)

Lúthchleasaíocht – Snáithaonad – Rith, Léim & Caitheamh

Ceap do Phleananna Ceachta Féin



GAA
Learning



Tuilleadh eolais www.learning.gaa.ie/planner/primary

Tagairtí

Curaclam na mBunscoileanna

Corpoideachas (1999)

Treoirínite do Mhúinteoirí

Corpoideachais (1999)

Tionscnamh Spóirt na mBunscoileanna

<http://www.pdds.ie/pcsparchive/pe/psi.clickme.html>

Fun Do GAA Learning Resource Pack (2007)





Snáithe: Cluichí

Leibhéal Ranga: Ranganna 3 & 4

Eagrú

- Roinn an rang ina mbeirteanna, camán amháin/raicéad agus liathróid idir gach beirt.
- Seasadh na daltaí de réir na léaráide




Eagrú

- Roinn an rang ina mbeirteanna
- Bíodh raicéad ag gach dalta
- Liathróid idir gach beirt



Gníomh 1 – Buladh na liathróide i dtreo targaide

- a) Scaoileadh os cionn láimhe**
- Seolann **B** an liathróid sa chaoi go sroichfidh sí **A** ag airde na coime
 - Buaileann **A** an liathróid go réidh ar ais chuig **B**, a bheireann uirthi
 - Malartaigh agus deich n-iarracht tugtha
- b) Scaoileadh lámh in íochtar**
- Déanann na daltaí an gníomh arís, ach an babhta seo déanann **B** an liathróid a chaitheamh go réidh tríd an aer, lámh in íochtar go sroichfidh sí **A** ag airde na coime
 - Buaileann **A** an liathróid go réidh tríd an aer ar ais chuig **B**
 - Malartaigh agus deich n-iarracht cúlbuillí tugtha



Pointí Teagaisc

- Scaoileann B leis an liathróid trína preabadh
 - Bíodh an bata á choineál ag A ag tús an luascadh-siar, ina s(h)easamh cliathánach le B.
 - Ag baint úsáide as an greim bhata an Chluiche Corr, tugann A an bata chun cinn go réidh, buaileann an liathróid, fad agus a leanann an bata air ag ardú
- C Conas is féidir le B cuidiú lena p(h)áirtí?**
- F Ní mór do B caitheamh go cruinn ionnas go mbeidh sé níos éasca bualadh**

Gníomh 2 – Scuais

- Bíodh na daltaí ina seasamh tamall beag ón mballa
- Ar a seal, buaileann siad an liathróid agus í ag filleadh ón mballa
- Ar dtús ceadaigh preab amháin sula mbuailtear an liathróid, ansin déanaidís cleachtadh ar í a bhualadh gan aon phreabadh



Pointí Teagaisc

- Bíodh na cosa cliathánach leis an mballa; líne na gcos a shocródh treo na liathróide
 - Úsáid an buille cúil nó an tulbhuille, ag brath ar chonas atá an liathróid ag taisteal
 - Spreag na daltaí chun an liathróid a stiúradh
- C Cén saghas buille a chuirfidh fad leis an imirt?**
- F Buille suas, buille smachtaithe**

Snáithe: Cluichí

Eagrú

- Roinn an rang ina dhá chuid – slacaithe & ceapadóirí
- Baineadh na slacaithe úsáid as camán ar bhfuil bos leathan air nó as raicéad



Eagrú

- Roinn na daltaí ina ngrúpaí – cúigear nó seisear i ngach grúpa
- Bíodh na daltaí de réir na léaráide
- Camán a bhfuil bos leathan air nó raicéad ag an slacaí



Leibhéal Ranga: Ranganna 3 & 4

Gníomh 3 – Ceathair agus Rith

- Buailte an slacaí ceithre liathróidí i ndiaidh a chéile amach sa limistéar imeartha
- Is ceadaíte na liathróidí a bhualadh den talamh, iad a fhágáil ar tí, cead ag an slacaí iad a chaitheamh in airde dó/di féin nó duine eile á gcaitheamh chucu
- Nuair a bhíonn an liathróid dheireanach buailte, ritheann an slacaí idir na cón mharcála chomh minic agus is féidir.
- Ní mór do na ceapadóirí na liathróidí ar fad a sheoladh ar ais chuig an daoradh baile – scairt ‘Stop’ nuair a shroicheann an liathróid dheireanach an daoradh baile.




Gníomh 4 – Cluiche Corr Diamaint

- Ní mór don slacaí an liathróid a bhualadh agus a bheith gaibhte chomh fada le daoradh 3, sula bhfuil sé ceadaíte don bhabhlálaí, agus é/í ina s(h)easamh sa bhfáinne, an liathróid a fháil óna ceapadóirí
- Faigheann gach slacaí 3 liathróid ar a seal, ansin malartaíonn na foirne ionaid

Rialacha

- Níl an slacaí ‘amuigh’ má beirtear ar an liathróid
- Ní mór don slacaí an liathróid a bhualadh le go mbeidh cead rith aige/aici
- Muna mbainfidh an slacaí daoradh 3 amach, ní bheidh scór saothraithe



Pointí Teagaisc

- Sé líne na gcos a shocróidh cén treo ina dtiocfaidh an liathróid
- Spreag na daltaí chun an liathróid a chur i dtreo faoi leith

C Conas is féidir leis na daltaí a chinntiú go n-éireoidh níos fearr leis an lucht pasála?

C Cé na hathraithe a thig leo a dhéanamh a thabharfaidh seans níos fearr don té atá ag iarraidh an liathróid a sciobadh?

Pointí Teagaisc

Cinntigh:

- An slacaí a bheith ag seasamh leataobhach
- Lámha na gceapadóirí a bheith faoi réir le glacadh leis an liathróid agus í a sheoladh ar ais os cionn lámhe
- Go mbéiceann an bhabhlálaí ‘stop’ nuair a shroicheann an liathróid a lámha

